2025/122

24.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/122 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Eanáir 2025

lena n-údaraítear modhanna grádúcháin chun conablaigh muc a aicmiú san Iodáil agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/38/AE

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 249)

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20, an chéad mhír, pointí (p) agus (t), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go mbeidh feidhm ag scálaí an Aontais um chonablaigh muc a aicmiú i gcomhréir le pointe B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Maidir le conablaigh muc a aicmiú, foráiltear le Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin go bhfuil measúnú le déanamh ar an gcion feola trua trí bhíthin modhanna grádúcháin arna n-údarú ag an gCoimisiún, nach bhféadfar a údarú ach modhanna measúnaithe atá cruthaithe de réir staidrimh atá bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice agus go bhfuil modhanna grádúcháin faoi réir uasráta lamháltais le haghaidh earráid staidrimh le linn measúnaithe a chomhlíonadh. Sainítear an lamháltas sin i gCuid A, pointe 1, an dara mír, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/38/AE ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh sé mhodh a úsáid chun conablaigh muc a ghrádú san Iodáil.

(3) D'iarr an Iodáil ar an gCoimisiún údarú na modhanna 'Fat-O-Meater I (FOM I)' agus 'AutoFom III' a tharraingt siar.

(4) D'iarr an Iodáil ar an gCoimisiún freisin foirmle nuashonraithe a údarú le haghaidh na modhanna 'Hennessy Grading Probe 7 (HGP 7)', 'Fat-O-Meater II (FOM II)', 'CSB-Image-Meater' agus 'modh láimhe (ZP)', ar modhanna iad atá údaraithe cheana féin le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/38/AE chun conablaigh muc a ghrádú ar a críoch.

(5) Chuir an Iodáil tuairisc mhionsonraithe i láthair ar na trialacha diosctha, lena léirítear na prionsabail ar a bhfuil na modhanna nua sin bunaithe, torthaí na dtrialacha diosctha agus na cothromóidí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an gcéatadán feola trua sa phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182.

(6) Féadfar tomhais a dhéanamh freisin le scanóir láimhe ar a dtugtar Zoometer agus úsáid á baint as an modh láimhe (ZP). Déanann an scanóir na tomhais chéanna leis an gcailibre láimhe. Mar sin de, is ionann an chothromóid fáistine agus cothromóid an mhodha láimhe (ZP) agus ba é an t-aon aidhm a bhí ag an triail a rinneadh cruinneas agus beachtas an ghairis leictreonaigh a fhíorú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caorach a aicmiú agus a mhéid a bhaineann le praghsanna margaidh aicmithe áirithe conablach agus ainmhithe beo a thuairisciú (IO L 171, 4.7.2017, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1182/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2014 lena n-údaraítear modhanna chun conablaigh muc a ghrádú san Iodáil (IO L 23, 28.1.2014, lch. 35 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2014/38/oj).

(7) Trí na hiarrataí sin a scrúdú, fuarthas amach go gcomhlíontar na coinníollacha agus na híoscheanglais maidir leis na modhanna nua grádúcháin a údarú agus na cothromóidí le haghaidh na modhanna údaraithe a nuashonrú mar a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182. Dá bhrí sin, ba cheart na modhanna nua grádúcháin agus na foirmlí nua a údarú san Iodáil.

(8) D'iarr an Iodáil go n-údarófaí don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le cur i láthair conablach muc atá éagsúil leis an gcur i láthair caighdeánach a leagtar síos i Roinn B.III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(9) Níor cheart modhnuithe ar na modhanna grádúcháin ná ar na gairis lena mbaineann a cheadú, ach amháin má údaraítear sin go sainráite le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

(10) Ar chúiseanna soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh cur chun feidhme 2014/38/AE a aisghairm.

(11) Chun go mbeidh dóthain ama ag oibreoirí chun oiriúnú do na ceanglais theicniúla maidir le gairis nua agus cothromóidí nua a thabhairt isteach, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Feabhra 2025.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear úsáid na modhanna grádúcháin seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar chion feola trua conablach muc de bhun Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 san Iodáil:

(a) an gaireas ar a dtugtar 'Hennessy Grading Probe 7 (HGP 7)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid I den Iarscríbhinn;

(b) an gaireas ar a dtugtar 'Fat-O-Meater II (FOM II)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid II den Iarscríbhinn;

(c) an gaireas ar a dtugtar 'CSB Image-Meater' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid III den Iarscríbhinn;

(d) an gaireas ar a dtugtar 'Modh láimhe (ZP)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid IV den Iarscríbhinn.

Airteagal 2

D'ainneoin an chur i láthair chaighdeánaigh a leagtar síos i Roinn B.III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfar conablaigh muc san Iodáil a chur i láthair gan an scairt ná an bhlonag a bheith bainte díobh sula ndéantar iad a mheá agus a ghrádú. I gcás cur i láthair den sórt sin, déanfar meáchan taifeadta an chonablaigh the a choigeartú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = X - X \times a\ \%$$

I gcás inarb amhlaidh:

Y = meáchan an chonablaigh a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182,

X = meáchan te an chonablaigh le blonag agus scairt fós ann,

a = suim na blonaige agus na scairte (%)

— i gcás scairte, coibhéiseach le 0,29 % (meáchan conablaigh ó 110,1 go 180 kg) agus 0,26 % (meáchan conablaigh ó 70 go 110 kg),

— i gcás blonaige, coibhéiseach leis an méid seo a leanas:

  — 0,99 % (meáchan conablaigh ó 70 go 80,0 kg),

  — 1,29 % (meáchan conablaigh ó 80,1 go 90,0 kg),

  — 1,52 % (meáchan conablaigh ó 90,1 go 100,0 kg),

  — 2,05 % (meáchan conablaigh ó 100,1 go 110 kg),

  — 2,52 % (meáchan conablaigh ó 110,1 go 130 kg),

  — 2,62 % (meáchan conablaigh ó 130,1 go 140 kg),

  — 2,83 % (meáchan conablaigh ó 140,1 go 150 kg),

  — 2,96 % (meáchan conablaigh ó 150,1 go 180 kg).

Airteagal 3

Údarófar modhnuithe ar na modhanna údaraithe grádúcháin nó ar ghairis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 1 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún.

Airteagal 4

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/38/AE.

Airteagal 5

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

MODHANNA GRÁDÚCHÁIN CHUN CONABLAIGH MUC A AICMIÚ SAN IODÁIL

CUID I

Hennessy Grading Probe 7 (HGP7)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'Hennessy Grading Probe 7 (HGP7)'.

(2) Tá an gaireas feistithe le tóireadóir de thrastomhas 5,95 milliméadar (agus de 6,3 milliméadar ag an lann ar bharr an tóireadóra) ina bhfuil fótaidhé-óid (Siemens LED den chineál LYU 260-EO agus fótabhraiteoir den chineál 58 MR) agus ag a bhfuil fad oibriúcháin idir 0 agus 120 milliméadar. Tiontófar torthaí na dtomhas ina meastachán ar an gcion feola trua trí bhíthin HGP 7 féin nó le ríomhaire atá nasctha leis.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis na foirmlí seo a leanas:

(a) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 70 agus 110 kg iontu:

$$\hat{Y} = 69{,}8930 - 0{,}7338 \times X_1 + 0{,}0279 \times X_2$$

i gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = an céatadán feola trua sa chonablach,

X_1 = tiús na saille droma, lena n-áirítear an chraiceann, i milliméadair, a thomhaistear 8 cm ó mheánlíne an chonablaigh idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

X_2 = tiús an mhatáin *Longissimus dorsi* i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear X_1;

(b) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 agus 180 kg iontu:

$$\hat{Y} = 80{,}136492 - 14{,}021984 \times \ln(X_1) + 3{,}581997 \times \ln(X_2)$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

$\ln(X_1)$ = logartam nádúrtha thiús na saille droma, lena n-áirítear an chraiceann, i milliméadair, a thomhaistear 8 cm ó mheánlíne an chonablaigh idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

$\ln(X_2)$ = logartam nádúrtha thiús an mhatáin *Longissimus dorsi* i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear X_1.

CUID II

Fat-O-Meater II (FOM II)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'Fat-O-Meater II (FOM II)'.

(2) Tá an gaireas feistithe le heagar trasduchtóra ultrasonach ag 3,5 MHz (U-Systems) ag a bhfuil tóireadóir de thrastomhas 6 mhilliméadar ina bhfuil fótaidhé-óid den chineál Siemens SFH 950/960 agus ag a bhfuil fad oibriúcháin idir 3 mhilliméadar agus 125 mhilliméadar. Tiontaítear torthaí na dtomhas ina meastacháin ar an bhfeoil trua le ríomhaire atá ina chuid den ghaireas.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

(a) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 70 agus 110 kg iontu:

$$\hat{Y} = 70{,}2193 - 0{,}7140 \times X_1 + 0{,}0174 \times X_2$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

X_1 = tiús na saille droma, lena n-áirítear an chraiceann, i milliméadair, a thomhaistear 8 cm ó mheánlíne an chonablaigh idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

X_2 = tiús an mhatáin *Longissimus dorsi* i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear X_1;

(b) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 agus 180 kg iontu:

$$\hat{Y} = 59{,}354157 - 0{,}550737 \times X_1 + 0{,}092655 \times X_2$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

X_1 = tiús na saille droma, lena n-áirítear an chraiceann, i milliméadair, a thomhaistear 8 cm ó mheánlíne an chonablaigh idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

X_2 = tiús an mhatáin *Longissimus dorsi* i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear X_1.

CUID III

CSB Image Meater

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'CSB Image Meater'.

(2) Tá an gaireas feistithe le córas próiseála pictiúr ar líne ina ndéanann córas ceamara leath an chonablaigh a scannánú go huathoibríoch. Ansin le bogearraí tiomnaithe atá in ann sraith de 20 tomhas éagsúil a tháirgeadh, déantar na pictiúir a phróiseáil i ríomhaire. Le ríomhaire, tiontófar trí thomhas roghnaithe ina meastacháin ar chéatadán na feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

(a) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 70 agus 110 kg iontu:

$$\hat{Y} = 67{,}4309 + 0{,}1182 \times X_1 - 0{,}0450 \times X_2 - 0{,}5762 \times X_3 - 0{,}186 \times X_4$$

i gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = an céatadán feola trua sa chonablach,

X_1 = (MF) meánmhais thrua a thomhaistear i gcomhfhreagras an mhatáin *gluteus medius*, i milliméadair,

X_2 = (ML) fad an mhatáin *gluteus medius*, i milliméadair,

X_3 = (MS) meánmhais saille a thomhaistear i gcomhfhreagras an mhatáin *gluteus medius*, i milliméadair,

X_4 = meánmhais saille (WbS), a thomhaistear i gcomhfhreagras an dara veirteabra, a bhraitear ag tosú ó cheann tosaigh (cráiniach) an mhatáin *gluteus medius* (Vb);

(b) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 agus 180 kg iontu:

$$\hat{Y} = 48{,}652593 - 0{,}465268 \times X_1 + 0{,}169248 \times X_2$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

X_1 = an íosdoimhneacht saille i milliméadair (lena n-áirítear an chraiceann) thar an matán *gluteus medius* (ZPF),

X_2 = doimhneacht an mhataín i milliméadair idir foircinn tosaigh an mhataín *gluteus medius* agus an chuid droma den chanáil mheideallach (ZPM).

CUID IV

Modh láimhe (ZP)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ‘mhodha láimhe (ZP)’.

(2) Le rialóir nó Zoometer (ZM), is féidir tomhais ZP a dhéanamh de láimh, ar an líne scoilte ar chonablaigh sheasta.

(3) Is gaireas é Zoometer a cheanglaítear le fón cliste trí fheidhmchlár Android (ZMAPP) agus déantar foráil leis maidir leis an gcomhéadan úsáideora atá in ann, trí aimsitheoir raon léasair, tomhais faid a fháil chun tomhais líneacha uilleacha agus dromchla a dhéanamh atá calabraithe ar íomhánna de chonablach muice a thógtar le ceamara an fhóin chliste.

(4) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

(a) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 70 agus 110 kg iontu:

$$\hat{Y} = 58{,}4789 - 0{,}5697 \times X_1 + 0{,}1230 \times X_2$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

X_1 = an íosdoimhneacht saille i milliméadair, lena n-áirítear an chraiceann, thar an matán *gluteus medius* (ZPF),

X_2 = doimhneacht an mhataín i milliméadair idir foircinn tosaigh an mhataín *gluteus medius* agus an chuid droma den chanáil mheideallach (ZPM);

(b) i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 agus 180 kg iontu:

$$\hat{Y} = 46{,}723946 - 0{,}472380 \times X_1 + 0{,}188621 \times X_2$$

I gcás inarb amhlaidh:

$\hat{Y}$ = céatadán measta na feola trua,

X_1 = an íosdoimhneacht saille i milliméadair, lena n-áirítear an chraiceann, thar an matán *Gluteus medius* (ZPF),

X_2 = doimhneacht an mhataín i milliméadair idir foircinn tosaigh an mhataín *Gluteus medius* agus an chuid droma den chanáil mheideallach (ZPM).